WIFI4EU

TREOIRLÍNTE COMHARTHAÍOCHTA

Tá sé beartaithe go mbainfidh bardais (tairbhithe) atá páirteach sa tionscnamh WiFi4EU úsáid as an doiciméad seo chun cabhrú libh na gníomhaíochtaí poiblíochta a bhaineann leis an tionscnamh a chomhlíonadh. Gach bardas ar a mbronntar dearbhán WiFi4EU, tá dualgas orthu comhartha WiFi4EU ar a bhfuil suaitheantas an Aontais, mar atá léirithe ar na leathanaigh seo, a thaispeáint go soiléir sna spásanna poiblí ina gcuirtear nasc idirlín WiFi4EU ar fáil.

Is é atá i gcomhartha WiFi4EU an tsiombail lena sainaithnítear an tionscnamh WiFi4EU agus ba cheart é a úsáid mar atá sé, gan aon athrú a dhéanamh air, seachas athrú méide, agus sa chás sin ba cheart an cóimheas treoíochta a choinneáil. Ar na leathanaigh ina dhiaidh seo tá samplaí den bhealach ceart, agus den bhealach mícheart, leis an suaitheantas a úsáid.

Aon ábhar cumarsáide nó foilseachán eile a chruthaíonn tú a bhfuil baint aige leis an ngníomhaíocht WiFi4EU, cuimhnigh gur gá comhartha WiFi4EU a chur leis chomh maith lena chur in iúl go bhfuair an ghníomhaíocht maoiniú ón Aontas Eorpach.

Na grafaicí sonracha a dearadh le haghaidh thairseach dheimhniúcháin WIFi4EU agus a thaispeántar leis an mblúirín, tabhair do d'aire go bhfuil an comhartha atá ar na leathanaigh ina dhiaidh seo éagsúil leis na grafaicí sonracha sin agus nach mbaineann sé leo. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin mblúirín ar an leathanach gréasáin atá ag INEA faoi WiFi4EU: https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu

SAMPLAÍ DE CHOMHARTHAÍOCHT WIFI4EU

Chun go mbeidh rath ar an tionscnamh WiFi4EU, tá gá le cur chuige infheictheachta comhleanúnach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbainfidh gach tairbhí an úsáid cheart as suaitheantas an Aontais agus as an bpicteagram WiFi atá molta.

Cuireadh le chéile cúig shampla de chomharthaíocht WiFi4EU. Tá an picteagram WiFi atá molta agus úsáid cheart shuaitheantas an Aontais le feiceáil i ngach ceann acu.

Is féidir gach leagan a íoslódáil ón leathanach gréasáin atá ag INEA faoi WiFi4EU
https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu

MÉID AGUS SPÁS GLAN

Is ceart an comhartha a bheith timpeallaithe ag spás glan i gcónaí, is é sin spás glan a chur idir an comhartha agus eilimintí eile nó idir an comhartha agus imeall na comharthaíochta.
Is ceart aon deichiú (1/10) d'airde an chomhartha a choinneáil glan gach uair a úsáidtear é.



DATHANNA & CLÓFHOIREANN

#004A95

R	0
G	74
B	149
C	100%
M	74%
W	6%
K	0%

#FEEB1A

R	254
G	235
B	26
C	4%
M	0%
W	89%
K	0%

Is é Arial an chlófhoireann a úsáidtear.

RIALACHA MAIDIR LEIS AN gCÚLRA

An cúlra bán atá taobh thiar den chomhartha, coinnigh sin i gcónaí, beag beann ar an áit a gcuirtear é:

RUDAÍ IS CEART A SHEACHAINT

Ná cuir téacs isteach laistigh den chomhartha.

Ná húsáid dathanna eile.

Ná gearr an comhartha.

Ná cuir an comhartha as a riocht.

Ná rothlaigh an comhartha.

Ná bí cruthaitheach... Úsáid an comhartha ceart.

Ná bain an cúlra bán amach.

CEISTEANNA

Má tá aon cheist agat faoi úsáid chomhartha agus amharc-aithne an Aontais, déan teagmháil leis an Deasc Chabhrach:

https://europa.eu/european-union/contact/write-to-us_en

nó (cuir glao ar) Europe Direct 00 800 67891011